Toghchán sa Fhrainc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thoghchán sa Fhrainc. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

iarrthóirí	eite dheis	eite chlé
babhta	rás dhá chapall	iomaíocht

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé mhéid iarrthóirí atá sa toghchán d'uachtarán na Fraince anois?
2. Cé mhéid den vóta a fuair siad sa chéad bhabhta?
3. Cé mhéid de phobal na Fraince a chaith vóta?
4. Cén lá ar a mbeidh an babhta deireannach vótála?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Maíonn* Sarkozy go bhfuil sé ag iarraidh deis a thabhairt do gach duine.'
'*Tuigeann* Sarkozy agus Royal go bhfuil go leor le déanamh acu fós.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. Gach ceithre bliana _____ olltoghchán in Éirinn. (bí)
2. Tá bóithre na hÉireann dáinséarach mar _____ daoine róthapa. (tiomáin)
3. _____ go leor daoine go dtí an Spáinn ar saoire i rith an tsamhraidh. (téigh)
4. _____ Seán nuachtán gach lá. (ceannaigh)
5. _____ Máire ar a hocht a chlog gach maidin. (éirigh)
6. In Éirinn _____ go leor daoine spórt ar an Satharn. (imir)
7. _____ go leor turasóirí go Baile Átha Cliath gach bliain. (tar)

Ceist 4 Féach ar an abairt thíos:

'Tá *beirt iarrthóirí* fágtha sa rás anois.'

Anois líon isteach na bearnaí thíos.

1	2 + iarrthóir	beirt iarrthóirí
2	3 + dochtúir	triúr dochtúirí
3	7 + múinteoir	
4	4 + saighdiúir	
5	10 + páiste	
6	6 + peileadóirí	
7	5 + ceoltóirí	
8	9 + polaiteoir	
9	8 + tuismitheoir	
10	1 + uachtarán	
11	2 + altra	
12	4 + dalta	

Ceist 5 Féach ar na habairtí thíos:

'Tá Sarkozy ag iarraidh tír *a chruthú* ina dtugtar deis do gach duine.'
'Caithfidh Royal go leor oibre *a dhéanamh* chun vótaí nua a fháil.'

Anois críochnaigh na habairtí thíos. Bain úsáid as na focail idir lúibíní.

1. Tá Caitríona ag iarraidh teach a _____ cois farraige. (tóg)

2. Is maith le Seán leabhar a _____ ar an traein. (léigh)

3. Bíonn ar na daltaí an seomra ranga a _____ ag deireadh an lae. (glan)

4. Bhí ar Mháire an madra a _____ sa bhaile nuair a chuaigh sí ar scoil. (fág)

5. Bhí Peadar gnóthach san oifig agus níor éirigh leis aon lón a _____. (ith)

6. Níl cead toitíní a _____ i bhfoirgnimh phoiblí. (caith)

7. Bíonn ar Shinéad uisce a _____ ar na plandaí gach lá sa samhradh. (cuir)

8. Bíonn ar dhaltaí scoile go leor obair bhaile a _____ gach tráthnóna. (déan)

Ceist 6 Ní raibh bean riamh mar uachtarán sa Fhrainc. An dóigh libh go bhfuil sé tábhachtach bean a bheith i bpost an uachtaráin? Cén fáth? (Smaoinigh ar uachtaráin na hÉireann.)

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.
iarrthóirí – *candidates*
eite dheis – *right wing*
eite chlé – *left wing*
babhta – *round*
rás dhá chapall – *two-horse race*
iomaíocht – *competition*

Ceist 2
1. Beirt. Sin iad Nicolas Sarkozy ón eite dheis agus Ségolène Royal ón eite chlé.
2. Fuair Nicolas Sarkozy 31% de na vótaí agus fuair Ségolène Royal beagnach 26%.
3. Chaith breis is 85% de phobal na Fraince vóta.
4. Beidh an babhta deireannach vótála ar siúl ar an Domhnach an séú lá Bealtaine.

Ceist 3
1. bíonn
2. tiomáineann
3. téann
4. ceannaíonn
5. éiríonn
6. imríonn
7. tagann

Ceist 4

1	2 + iarrthóir	beirt iarrthóirí
2	3 + dochtúir	triúr dochtúirí
3	7 + múinteoir	seachtar múinteoirí
4	4 + saighdiúir	ceathrar saighdiúirí
5	10 + páiste	deichniúr páistí
6	6 + peileadóirí	seisear peileadóirí
7	5 + ceoltóirí	cúigear ceoltóirí
8	9 + altra	naonúr altraí
9	8 + tuismitheoir	ochtar tuismitheoirí
10	1 + uachtarán	uachtarán amháin
11	2 + altra	beirt altraí
12	4 + dalta	ceathrar daltaí

Ceist 5
1. a thógáil
2. a léamh
3. a ghlanadh
4. a fhágáil
5. a ithe
6. a chaitheamh
7. a chur
8. a dhéanamh

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Sa Fhrainc chuir an bheirt iarrthóirí atá fanta san iomaíocht do phost na huachtarántachta – sin iad an t-iarAire intíre Nicolas Sarkozy agus Ségolène Royal ón bPáirtí Sóisialach – tús leis an stocaireacht inniu. Níl fanta anois ach coicís den bhabhta deireannach vótála.

Tá coicís dúshlánach amach roimh Nicolas Sarkozy ón eite dheis agus Ségolène Royal ón eite chlé. Tá na vótaí uilig comhairthe sa gcéad bhabhta vótála a bhí ar bun inné. Fuair Nicolas Sarkozy 31% de na vótaí agus fuair Ségolène Royal beagnach 26%. 18% a fuair François Bayrou agus beagnach 11% a fuair Jean-Marie Le Pen agus tá an bheirt sin curtha as an iomaíocht anois. Chaith breis is 85% de phobal na Fraince vóta inné. IarAire Intíre é Nicolas Sarkozy, duine de theaghlach uasaicmeach na hUngáire agus maíonn sé go bhfuil sé ag iarraidh tír a chruthú áit a dtugtar deis cheart do chuile dhuine, fiú iad siúd atá fágtha ar imeall na sochaí. Chiallaigh an vóta de beagnach 26% do Ségolène Royal go bhfuil dlús curtha arís lena feachtas toghchánaíochta tar éis gur tharraing ráitis a rinne sí faoi pholasaí eachtrach agus faoin eacnamaíocht níos túisce sa mbliain go leor ceisteanna faoina todhchaí polaitiúil. Mar a sheasann cúrsaí faoi láthair anois, is rás dhá chapall atá ann idir an eite chlé agus an eite dheis. Tá Nicolas Sarkozy a tháinig i gcomharbacht ar Jacques Chirac chun cinn sna pobalbhreitheanna is deireannaí ach tuigeann an dá iarrthóir Sarkozy agus Royal go bhfuil go leor le déanamh sa gcoicís amach romhainn, go leor vótaí nua le mealladh acu beirt má tá siad ag iarraidh a bheith mar an chéad uachtarán eile ar an Fhrainc. Beidh an babhta deireannach vótála ar siúl ar an Domhnach an séú lá Bealtaine.